Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Iúil 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0191(COD)**

10027/21
ADD 1

EF 206
ECOFIN 618
CODEC 935
ENV 446
SUSTDEV 86

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 391 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **maidir le bannaí glasa Eorpacha** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 391 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 391 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.7.2021
COM(2021) 391 final

ANNEXES 1 to 4

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le bannaí glasa Eorpacha**

{SEC(2021) 390 final} - {SWD(2021) 181 final} - {SWD(2021) 182 final}

**IARSCRÍBHINN I**

**BILEOG FÍRICÍ I dTACA LE BANNAÍ GLASA EORPACHA**

**1. Faisnéis Ghinearálta**

– [Dáta foilsithe na bileoige fíricí i dtaca le bannaí glasa Eorpacha]

– [Ainm dlíthiúil an eisitheora] [i gcás ina bhfuil fáil air, aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI)] [seoladh suímh gréasáin ar a gcuirtear faisnéis ar fáil d'infheisteoirí maidir le conas teagmháil a dhéanamh, agus uimhir theileafóin]

– [Ainm an bhanna arna shannadh ag an eisitheoir] [i gcás a bhfuil fáil orthu, uimhreacha aitheantais idirnáisiúnta urrús (ISINanna)]

– [Céannacht agus sonraí teagmhála an athbhreithneora sheachtraigh, lena n-áirítear seoladh suímh gréasáin ar a gcuirtear faisnéis ar fáil d'infheisteoirí maidir le conas teagmháil a dhéanamh, agus uimhir theileafóin]

**2. Cloí le ceanglais an Rialacháin maidir le Bannaí Glasa Eorpacha**

[Ráiteas ina léirítear go gcloíonn eisitheoir an bhanna ar leith dá dheoin féin le ceanglais an Rialacháin]

**3. Straitéis i leith an chomhshaoil agus réasúnaíocht**

– [Faisnéis faoin gcaoi a dtagann an banna le straitéis níos leithne an eisitheora i leith an chomhshaoil]

– [Na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán 2020/852 arna saothrú leis an mbanna]

**4. Leithdháileadh beartaithe na bhfáltas ón mbanna**

**4.1 Tréimhse Mheasta go dtí go mbeidh na fáltais leithdháilte ina n- iomlán**

– [An tréimhse ina meastar go mbeidh na fáltais leithdháilte]

– [An dáta faoina meastar go mbeidh fáltais leithdháilte ina n- iomlán]

– [Má tá an dáta thuas níos mó ná 5 bliana tar éis dháta eisiúna an bhanna: údar leis an tréimhse níos faide, bunaithe ar ghnéithe sonracha na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha lena mbaineann, agus doiciméadacht ábhartha ag gabháil leis in iarscríbhinn]

**4.2 Próiseas chun tionscadail ghlasa a roghnú agus tionchar comhshaoil measta**

– [Tuairisc ar na próisis trína ndéanfaidh an t-eisitheoir amach cén chaoi a dtagann tionscadail leis na ceanglais maidir le tacsanomaíocht]

– [Tuairisc ar na critéir scagtha theicniúil is ábhartha dá dtagraítear in Airteagail 10 go 15 de Rialachán (AE) 2020/852, agus sonrú na ngníomhartha tarmligthe arna nglacadh faoi Airteagail 10(3), 11(3), 12(2), 13(2), 14(2), agus 15(2), de Rialachán (AE) 2020/852 a chuirtear san áireamh]

– [I gcás a bhfuil fáil air: faisnéis faoin modheolaíocht agus faoi na toimhdí atá le húsáid chun na príomh-mhéadrachtaí tionchair a ríomh i gcomhréir le gníomhartha tarmligthe arna nglacadh faoi Airteagail 10(3), 11(3), 12(2), 13(2), 14(2) agus 15(2)

GA GA

de Rialachán (AE) 2020/852, agus le haghaidh aon mhéadracht tionchair bhreise. I gcás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis sin, ní mór údar a thabhairt leis sin]

– [I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi aon phróiseas gaolmhar um chaighdeánú nó deimhniú i dtaca le roghnú tionscadail]

– [I gcás ina bhfuil fáil air, meastachán ar dhea-thionchair agus drochthionchair ar an gcomhshaol a bhfuil súil leo i bhfoirm chomhiomlán. I gcás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis sin, ní mór údar a thabhairt leis sin]

**4.3 Tionscadail ghlasa cháilitheacha atá beartaithe**

[I gcás ina bhfuil fáil ag an eisitheoir uirthi, cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar leibhéal tionscadail, ach amháin más amhlaidh mar thoradh ar chomhaontuithe rúndachta, breithnithe iomaíochais, nó líon mór tionscadail cháilitheacha fholuiteacha go bhfuil teorainn leis an méid sonraí is féidir a chur ar fáil, sa chás sin cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ar leibhéal comhiomlán ar a laghad, in éineacht le míniú ar an bhfáth nach dtugtar faisnéis ar leibhéal tionscadail.

Le haghaidh tionscadail cháilithe bheartaithe:

– A gcuid cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán 2020/852

– A gcuid cineálacha, earnálacha, agus na cóid NACE faoi seach dá dtagraítear i gcomhréir le haicmiú staitistiúil na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006[1]

– A gcuid tíortha

– An méid faoi seach le leithdháileadh ó fháltais bhanna, agus an céatadán d'fháltais le leithdháileadh faoi seach ar thionscadail arna maoiniú tar éis bannaí a eisiúint agus tionscadail arna maoiniú sula n-eisítear bannaí.

– I gcás inar stát ceannasach é an t-eisitheoir, agus go bhfuil sé beartaithe fáltais bhanna a leithdháileadh ar an bhfaoiseamh cánach dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (c), meastachán ar mhéid ionchasach an chaillteanais ioncaim a ghabhfaidh leis an bhfaoiseamh cánach incháilithe

– I gcás ina bhfuil tionscadail cháilitheacha bheartaithe cómhaoinithe le banna, tásc maidir leis an gcion arna mhaoiniú ag an mbanna

– I gcás ina bhfuil fáil orthu, naisc le suíomhanna gréasáin ar a bhfuil an fhaisnéis ábhartha

– I gcás ina bhfuil fáil orthu, naisc le doiciméid phoiblí ábhartha ina bhfuil faisnéis níos sonraí]

**4.4 Fáltais neamh- leithdháilte**

[Ní dhéanfaidh faisnéis faoi úsáid shealadach fáltas neamh- leithdháilte difear do

[1] Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE-Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí staidrimh áirithe (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

| |
|---|
| sheachadadh na gcuspóirí comhshaoil] |
| **5. Faisnéis faoi thuairisciú**<br>– [Nasc leis an suíomh gréasáin ar a bhfoilseofar tuarascálacha leithdháilte agus tuarascálacha tionchair]<br>– [Tásc maidir le cibé acu a chuimseoidh nó nach gcuimseoidh tuarascálacha leithdháilte faisnéis de réir tionscadail faoi mhéideanna arna n-eisíoc agus na tionchair chomhshaoil dhearfacha agus dhiúltacha ionchasacha] |
| **6. Faisnéis ábhartha eile** |

## IARSCRÍBHINN II

## TUARASCÁIL LEITHDHÁILTE BHLIANTÚIL I dTACA LE BANNAÍ GLASA EORPACHA

[i gcás ina ndéantar an tuarascáil leithdháilte a athbhreithniú, léireofar é sin sa teideal]

**1. Faisnéis Ghinearálta**

– [Dáta foilsithe na tuarascála leithdháilte] [i gcás inarb infheidhme, dáta foilsithe na tuarascála leithdháilte deireanaí nó dáta foilsithe na tuarascála leithdháilte athbhreithnithe]]

– [Ainm dlíthiúil an eisitheora] [i gcás ina bhfuil fáil air, LEI] [seoladh suímh gréasáin ar a gcuirtear faisnéis ar fáil d'infheisteoirí maidir le conas teagmháil a dhéanamh, agus uimhir theileafóin]

– [Ainm an bhanna arna shannadh ag an eisitheoir] [i gcás ina bhfuil fáil air, uimhreacha aitheantais idirnáisiúnta urrús ISIN]

– [i gcás ina raibh an tuarascáil leithdháilte faoi réir athbhreithniú iareisiúna, céannacht agus sonraí teagmhála an athbhreithneora sheachtraigh, lena n-áirítear seoladh suímh gréasáin ar a gcuirtear faisnéis ar fáil d'infheisteoirí maidir le conas teagmháil a dhéanamh, agus uimhir theileafóin]

**2. Cloí le ceanglais an Rialacháin maidir le Bannaí Glasa Eorpacha**

[Ráiteas ina léirítear gur leithdháileadh fáltais i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo]

**3. Leithdháileadh na bhfáltas banna**

A. Le haghaidh eisitheoirí ach amháin iad siúd dá dtagraítear i bpointe B thíos:

[Cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar leibhéal tionscadail, ach amháin más amhlaidh mar thoradh ar chomhaontuithe rúndachta, breithnithe iomaíochais, nó líon mór tionscadail cháilitheacha fholuiteacha go bhfuil teorainn leis an méid sonraí is féidir a chur ar fáil, sa chás sin cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ar leibhéal comhiomlán ar a laghad, in éineacht le míniú ar an bhfáth nach dtugtar faisnéis ar leibhéal tionscadail.

– Na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán 2020/852

– Cineálacha agus earnálacha tionscadail, agus na cóid NACE faoi seach i gcomhréir le haicmiú staitistiúil na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006[2]

– Na tíortha inar leithdháileadh fáltais bhanna

– An méid faoi seach arna leithdháileadh ó fháltais bhanna, agus an céatadán d'fháltais arna leithdháileadh faoi seach ar thionscadail arna maoiniú tar éis bannaí a eisiúint agus tionscadail arna maoiniú sula n-eisítear bannaí

– I gcás inar stát ceannasach é an t-eisitheoir, agus go bhfuil fáltais bhanna leithdháilte

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE-Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le réimsí staidrimh áirithe (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

ar an bhfaoiseamh cánach dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (c), meastachán ar mhéid an chaillteanais ioncaim a ghabhfaidh leis an bhfaoiseamh cánach incháilithe

– I gcás ina bhfuil tionscadail cháilitheacha cómhaoinithe le banna, tásc maidir leis an gcion arna mhaoiniú ag an mbanna

– Le haghaidh sócmhainní lena mbaineann plean um ailíniú tacsanamaíochta: an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an phlean le linn na tréimhse tuairiscithe agus an dáta comhlánaithe measta;

– Dearbhú ar chomhlíontacht le Pointe (c) d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/852 (coimircí íosta)

– Tásc maidir le cé na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 10(3), 11(3), 12(2), 13(2), 14(2) nó 15(2) de Rialachán (AE) 2020/852 a úsáideadh chun na critéir scagtha theicniúil don tacsanomaíocht agus a ndátaí cur i bhfeidhm a shocrú]

B. I gcás eisitheoirí is gnóthais airgeadais a leithdháileann fáltais ó phunann de bhannaí glasa Eorpacha leithleacha ar phunann sócmhainní airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 5:

[Cuimseoidh an roinn 'Leithdháileadh na bhfáltas banna' an fhaisnéis seo a leanas:

– Forbhreathnú ar gach banna glas Eorpach gan íoc, lena léirítear a luach aonair agus a gcomhluach.

– Forbhreathnú ar na sócmhainní airgeadais incháilithe dá dtagraítear in Airteagal 5 ar chlár comhardaithe an eisitheora, lena léirítear:

  a) a luach amúchta iomlán,
  b) na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2020/852,
  c) a gcuid cineálacha, earnálacha agus tíortha,
  d) i gcás ina bhfuil tionscadail cháilitheacha cómhaoinithe le banna, tásc maidir leis an gcion arna mhaoiniú ag an mbanna, i gcás ina bhfuil fáil air,
  e) tásc maidir le cé na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 10(3), 11(3), 12(2), 13(2), 14(2) nó 15(2) de Rialachán (AE) 2020/852 a úsáideadh chun na critéir scagtha theicniúil don tacsanomaíocht a úsáid, ar leibhéal earnála agus tíre ar a laghad, agus i gcás gurb infheidhme, ar leibhéal sócmhainne aonair,
  f) i gcás inar iomchuí, luach gach sócmhainne, nó grúpa sócmhainní

– Comparáid idir luach iomlán na mbannaí glasa Eorpacha gan íoc agus luach amúchta iomlán na sócmhainní airgeadais incháilithe mar a thagraítear dóibh in Airteagal 5. Léireoidh an chomparáid go bhfuil an dara ceann comhionann leis an gcéad cheann nó níos airde ná é.

– Chun críocha na comparáide thuas, beidh luach iomlán gan íoc na mbannaí glasa Eorpacha bunaithe ar mheán bliantúil na luachanna deiridh ráithe le haghaidh na mbannaí sin arna n-eisiúint ag an eisitheoir sin, agus beidh luach amúchta iomlán na sócmhainní airgeadais bunaithe ar mheán bliantúil luachanna deiridh ráithe na sócmhainní sin ar chlár comhardaithe an eisitheora.]

| |
|---|
| **4. Tionchar comhshaoil na bhfáltas banna**<br>[Ní éilítear aon fhaisnéis faoin gceannteideal seo le haghaidh na tuarascála seo] |
| **5. Faisnéis ábhartha eile** |

**IARSCRÍBHINN III**

**TUARASCÁIL TIONCHAIR MAIDIR LE BANNAÍ GLASA EORPACHA**

[I gcás ina ndéantar an tuarascáil tionchair a athbhreithniú, léireofar é sin sa teideal.]

**1. Faisnéis Ghinearálta**

– [Dáta foilsithe na tuarascála tionchair] [i gcás inarb infheidhme, Dáta foilsithe na tuarascála tionchair athbhreithnithe]

– [Ainm dlíthiúil an eisitheora] [i gcás ina bhfuil fáil air, LEI] [seoladh suímh gréasáin ar a gcuirtear faisnéis ar fáil d'infheisteoirí maidir le conas teagmháil a dhéanamh, agus uimhir theileafóin]

– [Ainm an bhanna arna shannadh ag an eisitheoir] [i gcás ina bhfuil fáil air, uimhreacha aitheantais idirnáisiúnta urrús ISIN]

– [i gcás ina ndearna athbhreithneoir seachtrach measúnú ar an tuarascáil tionchair, céannacht agus sonraí teagmhála an athbhreithneora sheachtraigh, lena n-áirítear seoladh suímh gréasáin ar a gcuirtear faisnéis ar fáil d'infheisteoirí maidir le conas teagmháil a dhéanamh, agus uimhir theileafóin]

**2. Straitéis i leith an chomhshaoil agus réasúnaíocht**

– [Faisnéis faoin gcaoi a dtagann an bhanna le straitéis níos leithne an eisitheora i leith an chomhshaoil mar atá leagtha amach sa bhileog fíricí]

– [I gcás inarb infheidhme, míniú ar aon athrú ar straitéis níos leithne an eisitheora i leith an chomhshaoil ó foilsíodh an bhileog fíricí]

– [Na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán 2020/852 arna saothrú leis an mbanna]

**3. Leithdháileadh na bhfáltas banna**

[Cuirfear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil ar leibhéal tionscadail, ach amháin más amhlaidh mar thoradh ar chomhaontuithe rúndachta, breithnithe iomaíochais, nó líon mór tionscadail cháilitheacha fholuiteacha go bhfuil teorainn leis an méid sonraí is féidir a chur ar fáil, sa chás sin cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ar leibhéal comhiomlán ar a laghad, in éineacht le míniú ar an bhfáth nach dtugtar faisnéis ar leibhéal tionscadail.

– Na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán 2020/852

– Na cineálacha agus earnálacha tionscadal, na tíortha inar leithdháileadh fáltais bhanna

– An méid faoi seach arna leithdháileadh ó fháltais bhanna, agus an céatadán d'fháltais arna leithdháileadh faoi seach ar thionscadail arna maoiniú tar éis bannaí a eisiúint agus tionscadail arna maoiniú sula n-eisítear bannaí

– I gcás inar stát ceannasach é an t-eisitheoir, agus go bhfuil fáltais bhanna leithdháilte ar an bhfaoiseamh cánach dá dtagraítear in Airteagal 4(2), pointe (c), meastachán ar mhéid an chaillteanais ioncaim a ghabhfaidh leis an bhfaoiseamh cánach incháilithe

– I gcás ina bhfuil tionscadail cháilitheacha cómhaoinithe le banna, tásc maidir leis an gcion arna mhaoiniú ag an mbanna

– I gcás inarb infheidhme, tásc maidir leis na sócmhainní úd lenar bhain an plean um

ailíniú tacsanomaíochta, fad gach plean, agus dáta comhlánaithe gach sócmhainne

– Tásc maidir le cé na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 10(3), 11(3), 12(2), 13(2), 14(2) nó 15(2) de Rialachán 2020/852 chun na critéir scagtha theicniúil don tacsanamaíocht agus a ndáta cur i bhfeidhm a shocrú]

**4. Tionchar comhshaoil na bhfáltas banna**

– [Meastachán ar dhea-thionchair agus drochthionchair chomhshaoil i bhfoirm chomhlánaithe]

– [Faisnéis faoin modheolaíocht agus faoi na toimhdí arna n-úsáid chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchair na dtionscadal, i gcás nár cuimsíodh an fhaisnéis sin i mbileog fíricí an bhanna maidir leis an mbanna glas Eorpach]

– [Faisnéis faoi dhea-thionchair agus faoi dhrochthionchair chomhshaoil na dtionscadal, agus i gcás ina bhfuil fáil orthu, méadrachtaí gaolmhara. I gcás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis sin ar leibhéal tionscadail, ní mór údar a thabhairt léi]

**5. Faisnéis ábhartha eile**

**IARSCRÍBHINN IV:**

**ÁBHAR ATHBHREITHNITHE RÉAMHEISIÚNA AGUS IAREISIÚNA**

Beidh an teideal 'Athbhreithniú réamheisiúna' nó 'Athbhreithniú iareisiúna' le feiceáil go soiléir ar bharr an chéad leathanaigh den doiciméad

**1. Faisnéis Ghinearálta**

– [Dáta foilsithe an athbhreithnithe réamheisiúna nó an athbhreithnithe iareisiúna]

– [Ainm dlíthiúil an eisitheora]

– [Ainm an bhanna arna shannadh ag an eisitheoir] [i gcás ina bhfuil fáil air, uimhreacha aitheantais idirnáisiúnta urrús ISIN]

– [Céannacht agus sonraí teagmhála an athbhreithneora sheachtraigh, lena n-áirítear seoladh suímh gréasáin ar a gcuirtear faisnéis ar fáil d'infheisteoirí maidir le conas teagmháil a dhéanamh, agus uimhir theileafóin]

– [Ainm agus teideal poist an phríomhanailísí i ngníomhaíocht mheasúnaithe ar leith]

– [Ainm agus post an duine ar a bhfuil freagracht phríomhúil as an athbhreithniú réamheisiúna nó as an athbhreithniú iareisiúna a fhormheas]

– [An dáta ar ar ceadaíodh an t-athbhreithniú réamheisiúna nó an t-athbhreithniú iareisiúna a scaipeadh den chéad uair agus, i gcás inarb ábhartha, an uair a tugadh cothrom le dáta den uair dheireanach é]

**2. Réamhráitis**

**[**Le haghaidh athbhreithnithe réamheisiúna:

| | |
|---|---|
| – Ráiteas go ndearna athbhreithneoir seachtrach measúnú ar an mbileog fíricí chomhlánaithe maidir le bannaí glasa Eorpacha a leagtar síos in Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Rialachán seo;<br>– Ráiteas go léirítear tuairim neamhspleách an athbhreithneora sheachtraigh leis an athbhreithniú réamheisiúna seo;<br>– Ráiteas nár cheart brath ar thuairim neamhspleách an athbhreithnithe sheachtraigh ach amháin go feadh méid teoranta;]<br>[Le haghaidh athbhreithnithe iareisiúna:<br>– Ráiteas go ndearna athbhreithneoir seachtrach measúnú ar an tuarascáil leithdháilte chomhlánaithe a leagtar síos in Iarscríbhinn II i gcomhréir leis an Rialachán seo;<br>– Ráiteas go léirítear tuairim neamhspleách an athbhreithneora sheachtraigh leis an athbhreithniú iareisiúna seo;<br>– Ráiteas nár cheart brath ar thuairim neamhspleách an athbhreithnithe sheachtraigh ach amháin go feadh méid teoranta;] |
| **3. Ráitis maidir le comhlíonadh an Rialacháin maidir le bannaí glasa Eorpacha**<br>[ráiteas maidir le comhlíonadh an bhanna ghlais Eorpaigh leis an Rialachán seo, agus go háirithe:<br>(a) i gcás ina gcuireann an t-athbhreithneoir neamhspleách tuairim dhearfach in iúl, ráiteas go gcomhlíonann an banna ceanglais an Rialacháin seo agus gur féidir an ainmníocht 'banna glas Eorpach' a chur i bhfeidhm ar an mbanna sin;<br>(b) i gcás ina gcuireann an t-athbhreithneoir neamhspleách tuairim dhiúltach in iúl, ráiteas nach gcomhlíonann an banna ceanglais an Rialacháin seo agus nach féidir an ainmníocht 'banna glas Eorpach' a chur i bhfeidhm ar an mbanna sin;<br>(c) i gcás ina léiríonn an tuairim a chuireann an t-athbhreithneoir neamhspleách in iúl nach bhfuil sé ar intinn ag an eisitheoir Airteagail 3 go 7 a chomhlíonadh, nó nach mbeidh siad in ann iad a chomhlíonadh, ráiteas nach féidir an ainmníocht 'banna glas Eorpach' a úsáid le haghaidh an bhanna atá i gceist ach amháin má ghlactar na céimeanna riachtanacha le cinntiú go gcomhlíonann an banna ceanglais an Rialacháin seo] |
| **4. Foinsí, modheolaíochtaí measúnúcháin, agus príomhthoimhdí**<br>– [Faisnéis faoi na foinsí ar braitheadh orthu chun an t-athbhreithniú réamheisiúna nó iareisiúna a ullmhú, lena n-áirítear naisc le sonraí tomhais agus leis an modheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm, i gcás ina bhfuil fáil orthu]<br>– [Míniú ar na modheolaíochtaí measúnucháin agus na príomhthoimhdí]<br>– [Míniú ar na toimhdí agus na ceanglais tacsanomaíochta a úsáideadh, ar na teorainneacha agus na neamhchinnteachtaí i ndáil leis na modheolaíochtaí a úsáideadh agus ráiteas soiléir go measann an t-athbhreithneoir gur leor cáilíocht na faisnéise arna cur ar fáil ag an eisitheoir nó ag tríú páirtí gaolmhar chun an t-athbhreithniú réamheisiúna nó an t-athbhreithniú iareisiúna a dhéanamh agus a mhéid a ndearna an t-athbhreithneoir seachtrach iarracht an fhaisnéis a fhíorú a cuireadh ar fáil ar an mbealach sin] |

| | |
|---|---|
| 5. | **Measúnú agus tuairim** |
| [Le haghaidh athbhreithnithe réamheisiúna: | |
| – | Measúnú sonrach ar cibé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an bhileog fíricí maidir le bannaí glasa Airteagail 4 go 7 den Rialachán seo |
| – | Tuairim an athbhreithneora sheachtraigh ar an measúnú thuasluaite] |
| [Le haghaidh athbhreithnithe iareisiúna: | |
| – | Measúnú sonrach ar cibé acu a leithdháil nó nár leithdháil an t- eisitheoir fáltais an bhanna i gcomhréir le hAirteagail 4 go 7 bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh don athbhreithneoir seachtrach; |
| – | Measúnú ar cibé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon an t-eisitheoir úsáid bheartaithe na bhfáltas a leagtar amach sa bhileog fíricí maidir le bannaí glasa bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh don athbhreithneoir seachtrach |
| – | Tuairim an athbhreithneora sheachtraigh ar an dá mheasúnú thuasluaite] |
| **6.** | **Aon fhaisnéis eile** |
| [Aon fhaisnéis eile a d'fhéadfadh an t- athbhreithneoir a mheas gurb ábhartha í i dtaca lena athbhreithniú réamheisiúna nó iareisiúna] | |